**Ceist le haghaidh freagra ó bhéal O-000013/2017**
**ar an gCoimisiún**
Rule 128
**Marlene Mizzi, Karin Kadenbach, Marina Albiol Guzmán, Petras Auštrevičius, Georges Bach, Brando Benifei, Lynn Boylan, Paul Brannen, Jerzy Buzek, Klaus Buchner, Fabio Massimo Castaldo, Nessa Childers, Isabella De Monte, Pascal Durand, Stefan Eck, Jacqueline Foster, Neena Gill CBE, Julie Girling, Michela Giuffrida, Maria Grapini, Anja Hazekamp, Stelios Kouloglou, Miltiadis Kyrkos, Sabine Lösing, Emma McClarkin, Andrejs Mamikins, Florent Marcellesi, Alex Mayer, Valentinas Mazuronis, Roberta Metsola, Molly Scott Cato, Maria Noichl, Younous Omarjee, Demetris Papadakis, Sirpa Pietikäinen, Pavel Poc, Jiří Pospíšil, Emil Radev, Bronis Ropė, Lola Sánchez Caldentey, Alfred Sant, Davor Škrlec, Bart Staes, Catherine Stihler, Claudiu Ciprian Tănăsescu, Keith Taylor, Valdemar Tomaševski, Jadwiga Wiśniewska, Marco Zullo**

Ábhar: Cosc AE ar ghluaiseacht ainmhithe fiáine sorcais

Ba cheart rialuithe sláinte maidir le gluaiseacht ainmhithe sorcais a chur i bhfeidhm trí Rialachán (CE) Uimh. 1739/2005 ón gCoimisiún an 21 Deireadh Fómhair 2005 lena leagtar síos ceanglais sláinte maidir le gluaiseacht ainmhithe sorcais idir na Ballstáit.

In AE, tá an Coinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis i mBaol (CITES) á chur chun feidhme trí shraith rialachán ar a dtugtar na Rialacháin maidir le Trádáil Fiadhúlra, lena n-áirítear Rialachán (CE) Uimh. 338/97 an 9 Nollaig 1996 ón gComhairle, a théann níos faide na forálacha CITES, ó thaobh gnéithe áirithe de.

Tá sé léirithe i staidéir, áfach, gur deacair seiceálacha agus rialuithe sláinte ar thrádáil in ainmhithe fiáine agus ar sheilbh orthu a chur i bhfeidhm, toisc nach amháin go mbíonn sorcais ag dul ó áit go háit roinnt mhaith den am, ach go n-athraíonn siad a n-ainmneacha agus a dtaispeántais freisin.

Anuas air sin, is minic a bhíonn taismí ann a bhaineann le ceansaitheoirí ainmhithe, le fostaithe sorcais agus le daoine den phobal, mar gheall ar ainmhithe fiáine a úsáid i sorcais.

Le blianta beaga anuas, tá méadú tagtha ar líon na mbuarthaí eitice agus sábháilteachta atá a gcur in iúl maidir le hainmhithe fiáine a úsáid i sorcais. Mar gheall ar na buarthaí sin, tá athruithe déanta sa reachtaíocht i roinnt Ballstát, agus cosc iomlán nó cosc páirteach ar a n-úsáid glactha cheana ag 18 mBallstát acu.

An mbainfidh an Coimisiún úsáid as a chumhachtaí nua faoin Dlí um Shláinte Ainmhithe chun cosc a thabhairt isteach ar ghluaiseacht ainmhithe fiáine sorcais laistigh den Aontas, chun a áirithiú go ndéanfar laghdú aonfhoirmeach ar fud na mBallstát ar neamhchosaint ar rioscaí sláinte agus sábháilteachta poiblí agus ar an riosca go ndéanfar trádáil mhídhleathach i bhfiadhúlra, agus an gcuirfidh sé cúnamh ar fáil maidir leis na coisc atá curtha ar bun cheana i dtromlach na mBallstát a chur i bhfeidhm?

Curtha síos: 14.2.2017
Curtha ar aghaidh: 16.2.2017
Spriocam le haghaidh freagra: 23.2.2017